2025/90317

9.4.2025

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, 2024/1183, an 30 Aibreán 2024)

Ar leathanach 48, Airteagal 1, pointe 48

in ionad: ‘(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5c(7), Airteagal 24(4b) agus Airteagal 30(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 17 Meán Fómhair 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5c(7), Airteagal 24(4b), agus Airteagal 30(4) a chúlghairm tráth ar bith …”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5c(7), Airteagal 24(4b) nó Airteagal 30(4) i bhfeidhm ach amháin …”;’,

léitear: ‘(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5c(8), Airteagal 24(4b) agus Airteagal 30(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 17 Meán Fómhair 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5c(8), Airteagal 24(4b), agus Airteagal 30(4) a chúlghairm tráth ar bith …”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5c(8), Airteagal 24(4b) nó Airteagal 30(4) i bhfeidhm ach amháin …”;’.